Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0386(NLE)**

**15102/22**
**ADD 1**

**TRANS 731**
**RELEX 1580**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 649 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus le leanúint leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 649 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2022) 649 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.11.2022
COM(2022) 649 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus le leanúint leis an gComhaontú**

**Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus leis an leanúint leis an gComhaontú**

**an …**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive[1] a síníodh an 29 Meitheamh 2022, agus go háirithe Airteagal 6(2),(5) agus (6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le tionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear fad na leanúna.

(3) Léirigh an faireachán a rinneadh ar an gComhaontú go bhfuil an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive araon tar éis tairbhí a bhaint as i dtéarmaí trádála, agus go bhfuil oibreoirí iompair de bhóthar an dá pháirtí tar éis tairbhe a bhaint as an méadú ar sheirbhísí iompair de bhóthar freisin.

(4) Chuir an Comhaontú ar chumas Phoblacht na Moldóive tús a chur lena trádáil a atreorú i dtreo an Aontais, agus dá bhrí sin, rannchuidigh sé le geilleagar na Moldóive a chomhtháthú de réir a chéile i ngeilleagar an iarthair. In éineacht le comhaontú inchomparáide maidir le hiompar de bhóthar a síníodh leis an Úcráin, d'éascaigh sé freisin onnmhairiú earraí na hÚcráine, rud a rannchuidigh leis na Lánaí Dlúthpháirtíochta.

(5) Ba cheart féachaint ar fhadú an Chomhaontaithe mar bheart a rannchuidíonn freisin le hatógáil na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

(6) Dealraíonn sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí síneadh a chur leis an gComhaontú go dtí an 31 Nollaig 2025.

(7) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(6) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh,

---

[1] IO L 181, 7.7.2022, lch. 4.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leanúint leis an gComhaontú

Leis seo, cuirtear síneadh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 2

Rialacha nós imeachta

Leis seo, glactar rialacha nós imeachta an Chomhchoiste, a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh [i/in/sa/san] ...,

*Thar ceann an Chomhchoiste*
*Na Comhchathaoirligh*

## IARSCRÍBHINN

**Rialacha nós imeachta an Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 6(6) den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive**

Airteagal 1

*Cinn Toscaireachta*

1. Ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ar an gComhchoiste. Ceapfaidh gach páirtí Ceann a thoscaireachta agus, i gcás inar gá, Leas-Cheann a thoscaireachta. Féadfar an Leas-Cheann nó ainmní a chur in ionad an Chinn Toscaireachta le haghaidh cruinniú ar leith.

2. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Phoblacht na Moldóive ina chathaoirleach ar an gComhchoiste ar bhonn idirmhalartach. Is é Ceann na toscaireachta ábhartha, nó má bhíonn sé as láthair, an Leas-Cheann nó an t-ainmní a cheapfar chun a n-ionad a ghabháil, a ghníomhóidh mar chathaoirleach.

Airteagal 2

*Cruinnithe*

1. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile de réir mar is gá agus nuair is gá. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go dtionólfaí cruinniú. Tionólfar an Comhchoiste freisin 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe, chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú seo agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Chomhaontú.

2. Tionólfaidh an Comhchoiste cruinnithe aghaidh ar aghaidh nó ar bhealaí eile (e.g. glaonna comhdhála nó físchomhdhálacha).

3. Maidir le cruinnithe a reáchtáil beidh sealaíocht ann, a oiread agus is féidir, idir áit i mBallstát de chuid an Aontais agus Poblacht na Moldóive, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

4. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ann.

5. Nuair a bheidh dáta agus áit na gcruinnithe comhaontaithe ag na Páirtithe, is é an Coimisiún Eorpach a thionólfaidh cruinnithe le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus is í an Aireacht atá i gceannas ar iompar de bhóthar a thionólfaidh cruinnithe le haghaidh Phoblacht na Moldóive.

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Chomhchoiste ar oscailt don phobal. Más gá, féadfar preaseisiúint a dhréachtú trí chomhaontú frithpháirteach ag deireadh an chruinnithe.

*Airteagal 3*

*Toscaireachtaí*

1. Roimh gach cruinniú, cuirfidh na Cinn Toscaireachta a chéile ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí le haghaidh an chruinnithe.

2. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe pháirtithe leasmhara an tionscail iompair de bhóthar freastal ar chruinnithe nó ar chodanna de na cruinnithe mar bhreathnóirí, má chomhaontaíonn an Comhchoiste amhlaidh de chomhthoil.

3. Féadfaidh an Comhchoiste, má chomhaontaítear amhlaidh de chomhthoil, cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara nó saineolaithe eile freastal ar a chruinnithe nó codanna díobh chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair áirithe.

4. Ní ghlacfaidh breathnóirí páirt i bpróiseas cinnteoireachta an Chomhchoiste.

Airteagal 4
*Rúnaíocht*

Oifigeach ó sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh agus oifigeach ón Aireacht atá i gceannas ar iompar de bhóthar Phoblacht na Moldóive, gníomhóidh siad go comhpháirteach mar rúnaithe an Chomhchoiste.

*Airteagal 5*
*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Leagfaidh na Cinn Toscaireachta síos clár oibre sealadach le haghaidh gach cruinnithe trí chomhaontú frithpháirteach. Tarchuirfidh na rúnaithe an clár oibre sealadach chuig comhaltaí na dtoscaireachtaí cúig lá dhéag roimh dháta an chruinnithe ar a dhéanaí.

2. Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar ítimí seachas iad siúd atá ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre, má chomhaontaíonn an Comhchoiste amhlaidh.

3. An teorainn ama a shonraítear i mír 1, féadfaidh na Cinn Toscaireachta iad a ghiorrú chun na ceanglais nó an phráinn a bhaineann le hábhar áirithe a thabhairt san áireamh.

Airteagal 6
*Miontuairiscí*

1. Déanfar dréacht-mhiontuairiscí gach cruinnithe den Chomhchoiste a dhréachtú tar éis an chruinnithe. Léireofar iontu na hítimí a pléadh agus na cinntí a glacadh.

2. Laistigh de mhí tar éis an chruinnithe, cuirfidh an Ceann Toscaireachta óstach na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Chinn Toscaireachta eile, trí rúnaithe an Chomhchoiste, lena bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn.

3. Nuair a bheidh na miontuairiscí formheasta, síneoidh na Cinn Toscaireachta iad i ndúblach agus comhdóidh gach Páirtí cóip bhunaidh amháin. Féadfaidh na Cinn Toscaireachta a chinneadh go bhféadfar an ceanglas sin a chomhlíonadh trí chóipeanna leictreonacha a shíniú agus a mhalartú.

4. Miontuairiscí chruinnithe an Chomhchoiste, cuirfear ar fáil go poiblí iad mura n-iarrfaidh ceann de na Páirtithe a mhalairt.

   Féadfaidh na Cinn Toscaireachta an teorainn ama a shonraítear i mír 2 a ghiorrú agus teacht ar chomhaontú maidir le dáta a mhéid a bhaineann leis an bhformheas a shonraítear i mír 3 chun na ceanglais nó an phráinn a bhaineann le hábhar áirithe a thabhairt san áireamh.

Airteagal 7
*Nós imeachta i scríbhinn*

I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, féadfar cinntí ón gComhchoiste a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú. Chun na críche sin, malartóidh na Cinn Toscaireachta na dréachtbhearta a n-iarrtar tuairim an Chomhchoiste ina leith, agus féadfar an tuairim sin a dheimhniú trí mhalartú comhfhreagrais ina dhiaidh sin. Mar sin féin, féadfaidh na Páirtithe a iarraidh go dtionólfar an Comhchoiste chun an t-ábhar a phlé.

*Airteagal 8*
*Pléití*

1. Is ar bhonn chomhthoil na bPáirtithe a ghlacfaidh an Comhchoiste cinntí.
2. Beidh an teideal ‘Cinneadh’ ar chinntí an Chomhchoiste, agus beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar i ndiaidh an teidil.
3. Síneoidh na Cinn Toscaireachta cinntí an Chomhchoiste agus cuirfear i gceangal leis na miontuairiscí iad.
4. Déanfaidh na Páirtithe na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste a chur chun feidhme i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin.
5. Féadfaidh na Páirtithe na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin. Déanfaidh gach Páirtí cóip bhunaidh amháin de na cinntí a chomhdú.

Airteagal 9
*Meithleacha*

1. Féadfaidh an Comhchoiste meithleacha a bhunú chun cuidiú leis an gComhchoiste a dhualgais a chur i gcrích. Na téarmaí tagartha le haghaidh meithle, déanfaidh an Comhchoiste iad a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú agus cuirfear iad in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh lena mbunaítear an mheitheal.
2. Ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ar na meithleacha.
3. Déanfaidh na meithleacha a gcuid oibre faoi údarás an Chomhchoiste dá dtuairisceoidh siad tar éis gach ceann dá gcruinnithe. Ní dhéanfaidh siad cinntí ach féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.
4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh tráth ar bith deireadh a chur le meithleacha atá ann cheana, a dtéarmaí tagartha a mhodhnú, nó meithleacha nua a bhunú chun cabhrú leis a dhualgais a chur i gcrích.

*Airteagal 10*
*Costais*

1. I dtaca leis na costais a bhaineann le rannpháirtíocht na bPáirtithe i gcruinnithe an Chomhchoiste agus i gcruinnithe na meithleacha, glanfaidh na Páirtithe na costais sin, a mhéid a bhaineann le costais foirne, taistil agus chothaithe agus le costais phoist agus teileachumarsáide chomh maith.

2. Is ar an bPáirtí a óstálfaidh an cruinniú a thitfidh aon chostas eile a bhaineann le heagrú ábhartha na gcruinnithe.

Airteagal 11

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfaidh an Comhchoiste, tráth ar bith, na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú trí chinneadh a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú